

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026
(OR. en)**

12007/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0429 (COD)**

**JAI 1011
ENFOPOL 271
CRIMORG 163
IXIM 164
DATAPROTECT 241
CYBER 346
COPEN 288
FREMP 254
TELECOM 393
COMPET 970
MI 794
CONSOM 239
DIGIT 205
CODEC 1467**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 393 final
Ábhar:	TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN de bhun Airteagal 294(7), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir le leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an togra le haghaidh Rialachán Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir teicneolaíochtaí a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 393 final.



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2026
COM(2026) 393 final

2025/0429 (COD)

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

**de bhun Airteagal 294(7), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
maidir le leasuithe Pharlaimint na hEorpa
ar an seasamh ón gComhairle**

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a
bhaineann le soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir
teicneolaíochtaí a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun
mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac**

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

**de bhun Airteagal 294(7), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
maidir le leasuithe Pharlaimint na hEorpa
ar an seasamh ón gComhairle**

**maidir leis an togra le haghaidh Rialachán Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a
bhaineann le soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir
teicneolaíochtaí a úsáid chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun
mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac**

1. RÉAMHRÁ

Foráiltear le hAirteagal 294(7), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go dtabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh maidir leis na leasuithe atá molta ag Parlaimint na hEorpa ag an dara léamh. Leagann an Coimisiún amach thíos a thuairim maidir leis na trí leasú atá molta ag an bParlaimint.

2. CÚLRA

Le Rialachán (AE) 2021/1232 (dá ngairtear an ‘Rialachán Eatramhach’ anseo feasta), tugadh isteach maolú sealadach ar oibleagáidí áirithe a leagtar síos i dTreoir 2002/58/CE¹. Ceadaíodh leis do sholáthraithe seirbhísí áirithe cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, ar bhonn deonach agus faoi réir coimircí dochta, leanúint d’úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá seirbhísí.

I mí na Nollag 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh síneadh teoranta a chur leis an Rialachán Eatramhach go dtí an 3 Aibreán 2028, d’fhonn éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint do sholáthraithe seirbhíse agus creat dlíthiúil a choinneáil ar bun lena gcuirtear ar a gcumas dóibh gníomhaíochtaí deonacha a dhéanamh chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá seirbhísí chun leanúint de dhlí an Aontais a chomhlíonadh fad a bhí caibidlíocht ar siúl maidir leis an Rialachán fadtéarmach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac² (dá ngairtear an ‘Rialachán fadtéarmach’ anseo feasta). Chuaigh an Rialachán Eatramhach in éag an 3 Aibreán 2026. Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 2 Iúil 2026. Ghlac an Coimisiún a sheasamh maidir le seasamh na Comhairle de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an 3 Iúil 2026.

¹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

² Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac, COM/2022/209 final.

3. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Níl sé beartaithe leis an togra ón gCoimisiún ach síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin Eatramhaigh, gan a shubstaint ná na coimircí a chuir sé ar fáil a athrú ar shlí eile. Tá sé mar chuspóir ag an togra éiginnteacht dhlíthiúil do sholáthraithe seirbhíse a chosc agus leanúnachas an chreata dhlíthiúil shealadaigh a áirithiú, lena gceadaítear do sholáthraithe leanúint, ar bhonn deonach agus faoi réir coinníollacha dochta, de ghníomhaíochtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint, go dtí go nglacfar agus go gcuirfear i bhfeidhm an Rialachán fadtéarmach.

4. TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LEIS NA LEASUITHE ATÁ MOLTA AG PARLAIMINT NA hEORPA

Leis na trí leasú a mhol Parlaimint na hEorpa, eisiatar ó raon feidhme an Rialacháin cumarsáid idirphearsanta neamhspleách ar uimhir a gcuirtear criptiú ó cheann go ceann i bhfeidhm ina leith, ar cuireadh criptiú ó cheann go ceann i bhfeidhm ina leith nó a gcuirfear criptiú ó cheann i bhfeidhm ina leith.

Is féidir leis an gCoimisiún tacú le glacadh an Rialacháin lena ndéantar foráil maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE arna leasú ag Parlaimint na hEorpa ina vóta an 9 Iúil 2026, mar bheart eisceachtúil sealadach a bhfuil údar leis mar gheall ar an ngá práinneach deimhneacht dhlíthiúil a athbhunú, gan éifeacht chúlghabhálach, ar leibhéal an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint dá seirbhísí. I bhfianaise tréimhse theoranta agus chuspóir sonracha an Rialacháin Eatramhaigh, cé go mbainfeadh raon feidhme an eisiaimh tairbhe as beachtas agus soiléireacht níos fearr chun cosaint éifeachtach leanaí ar fhoréigean gnéasach agus ar íospairt thánaisteach araon a áirithiú, meastar go bhfuil na leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa inghlactha agus, dá bhrí sin, is féidir leis an gCoimisiún tuairim dhearfach a thabhairt ina leith.

Tá an comhaontú seo gan dochar do sheasamh an Choimisiúin maidir leis an gcaibidlíocht leanúnach i ndáil leis an Rialachán fadtéarmach, lena gá soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil go fadtéarmach. Athdhearbhaíonn an Coimisiún gur gá teacht ar chomhaontú go pras maidir le Rialachán fadtéarmach chun cosaint éifeachtach leanaí a áirithiú.